C/2024/4029

17.7.2024

P9_TA(2023)0264

Iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí') (COM(2022)0177 – C9-0161/2022 – 2022/0117(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/4029)

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach

Lua 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Deirtear in Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Foráiltear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'), inter alia, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear meas ar shaoirse agus iolrachas na meán (Airteagal 11), agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil (Airteagal 47).	(2) Deirtear in Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Foráiltear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'), inter alia, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear meas ar shaoirse agus iolrachas na meán (Airteagal 11), ***an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais (Airteagal 12)*** agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa (Airteagal 47).

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0223/2023).

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach

Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Ceart bunúsach é an ceart chun tuairimí a nochtadh atá le feidhmiú le teann dualgais agus freagrachta, agus an ceart bunúsach atá ag daoine faisnéis neamhchlaonta a fháil á chur san áireamh mar aon leis an urraim a thugtar don cheart bunúsach atá ag an duine go gcosnófaí a chlú, a shonraí pearsanta agus a chuid príobháideachais. I gcásanna coimhlinte idir na cearta sin, beidh rochtain ag gach páirtí ar chúirteanna agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal na trialach córa.

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach

Aithris 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3b) I rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú san Aontas, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún pacáiste de dhlí bog agus crua araon a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar líon méadaitheach na gcásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nó 'SLAPPanna' maidir le hiriseoirí, ENRanna, lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta san Aontas. Mhol an Pharlaimint bearta reachtacha i réimsí an dlí nós imeachta shibhialta agus choiriúil, amhail sásra luathdhíbhe le haghaidh cásanna dlí sibhialta mí-úsáideacha, an ceart chun dámhachtain iomlán na gcostas arna dtabhú ag an gcosantóir, agus an ceart chun cúiteamh a fháil as damáiste. Airíodh freisin i rún an 11 Samhain 2021 glao ar oiliúint leordhóthanach do bhreithiúna agus do chleachtóirí dlí maidir le SLAPPanna, ciste sonrach chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'íospartaigh SLAPPanna agus clár poiblí de chinntí cúirte maidir le cásanna SLAPPanna. Ina theannta sin, d'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1a] ('Rialachán an Bhruiséil I') agus ar Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1b]('Rialachán an Róimh II') chun 'turasóireacht leabhail' nó 'siopadóireacht dlínse' a chosc.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) 1a Rialachán (CE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).
	(1b) 1b Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II).(IO L 199, 31.7.2007, lch. 40).

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Cuspóir na Treorach seo ná cosaint a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus do dhaoine dlítheanacha a bhíonn rannpháirteach go poiblí i ndáil le hábhair leasa phoiblí, iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine go háirithe, ar imeachtaí cúirte, a thionscnaítear ina n-aghaidh chun stop a chur lena rannpháirtíocht phoiblí (ar a dtugtar imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nó 'SLAPPanna' freisin).	(4) Cuspóir na Treorach seo ná foráil a dhéanamh ***maidir le rialacha íosta ar leibhéal an Aontais chun cosaint a áirithiú*** do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí maidir le hábhair a bhaineann le leas an phobail, ***lena n-áirítear*** iriseoirí, ***foilsitheoirí, eagraíochtaí meán, sceithirí*** agus cosantóirí chearta an duine, ***chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, ealaíontóirí, taighdeoirí agus acadóirí,*** i gcoinne imeachtaí cúirte a thionscnaítear ina gcoinne, ***chomh maith leis na bagairtí a bhaineann leo,*** chun iad a dhíspreagadh ó rannpháirtíocht phoiblí (ar a dtugtar imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nó 'SLAPPanna' freisin).

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Tá ról tábhachtach ag iriseoirí in éascaíocht na díospóireachta poiblí agus i roinnt agus i bhfáil faisnéise, tuairimí agus smaointe. Tá sé fíor-riachtanach go dtugtar an tsaoirse is gás dóibh chun cur le díospóireacht oscailte shaor chothrom agus chun cur in aghaidh bréagaisnéise, ionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis. Ba cheart go mbeadh iriseoirí in ann a ngníomhaíochtaí a dhéanamh go héifeachtach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar dhearcthaí iomadúla i ndaonlathais Eorpacha.	(5) Tá ról tábhachtach ag iriseoirí in éascaíocht na díospóireachta poiblí agus i roinnt agus i bhfáil faisnéise, tuairimí agus smaointe. ***Príomhcholúin an daonlathais atá san iriseoireacht neamhspleách, ghairmiúil agus fhreagrach mar aon leis an rochtain ar fhaisnéis iolraíoch***; Tá sé fíor-riachtanach go dtugtar an tsaoirse is gá d'iriseoirí chun cur le díospóireacht oscailte shaor chothrom agus chun cur in aghaidh bréagaisnéise, ionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis. Ba cheart go mbeadh iriseoirí in ann a ngníomhaíochtaí a dhéanamh go héifeachtach ***agus gan eagla*** chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar dhearcthaí iomadúla i ndaonlathais Eorpacha.

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Imríonn iriseoirí iniúchacha, go háirithe, ról fíorthábhachtach chun coireacht eagraithe, éilliú agus antoisceachas a chomhrac. Gabhann rioscaí thar a bheith ard lena gcuid oibre agus tá an líon ionsuithe agus an ciapadh a dhéantar orthu ag méadú. Is gá córas stóinseach coimircí a bheith ann a chuirfidh ar a gcumas dóibh a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh mar fhorais faire ar ábhair leasa phoiblí dhlisteanaigh.	(6) Tá ról lárnach ag iriseoirí iniúchacha ***agus ag eagraíochtaí meán*** go háirithe maidir le coireacht eagraithe, ***mí-úsáid cumhachta,*** éilliú, ***sáruithe ar chearta bunúsacha*** agus antoisceachas ***a nochtadh*** agus a chomhrac. Gabhann rioscaí thar a bheith ard lena gcuid oibre agus tá an líon ionsuithe, ***maruithe, bagairtí, imeaglaithe*** agus ciaptha a dhéantar orthu ag méadú. Tá gá le córas stóinseach coimircí ***agus cosanta, lena n-áirítear a sábháilteacht fhisiciúil*** a chosaint, chun a chur ar chumas ***iriseoirí iniúchacha*** a ról ríthábhachtach mar fhorais faire ar ábhair leasa phoiblí a chomhlíonadh, ***gan eagla a bheith orthu an fhírinne a chuardach agus an pobal a chur ar an eolas.***

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Imríonn cosantóirí chearta an duine ról tábhachtach i ndaonlathais Eorpacha freisin, go háirithe chun cearta bunúsacha, luachanna daonlathacha, cuimsiú sóisialta, cosaint an chomhshaoil agus an smacht reachta a bhuanú. Ba cheart go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach go gníomhach sa saol poiblí agus a nguth a bheith le cloisteáil maidir le hábhair bheartais agus i bpróisis chinnteoireachta gan bagairtí imeaglaithe. Is éard atá i gcosantóirí chearta an duine daoine aonair nó eagraíochtaí a chosnaíonn cearta bunúsacha agus réimse cearta eile, amhail cearta comhshaoil agus aeráide, cearta na mban, cearta LADTIA, cearta na ndaoine ag a bhfuil cúlra mionlach cine nó eitneach, cearta saothair nó saoirse reiligiúin. ***Ba cheart do rannpháirtithe eile sa díospóireacht phoiblí, amhail acadóirí agus taighdeoirí, an chosaint leormhaith seo a fháil freisin.***	(7) Tá ról tábhachtach ag cosantóirí chearta an duine freisin i ndaonlathais na hEorpa, go háirithe maidir le cearta bunúsacha, luachanna daonlathacha, cuimsiú sóisialta, cosaint an chomhshaoil, ***an comhionannas inscne*** agus an smacht reachta a chaomhnú. ***I bhfianaise bheartais chomhshaoil agus aeráide an Aontais, ba cheart aird a thabhairt freisin ar chosantóirí chearta an chomhshaoil a chosaint.*** Ba cheart go mbeadh cosantóirí chearta an duine in ann a bheith rannpháirteach go gníomhach sa saol poiblí, ***cuntasacht a chur chun cinn***, agus a nguth a bheith le cloisteáil maidir le hábhair bheartais agus i bpróisis chinnteoireachta gan baol imeaglaithe. Is éard atá i gcosantóirí chearta an duine daoine aonair nó eagraíochtaí a chosnaíonn cearta bunúsacha agus réimse cearta eile, amhail cearta comhshaoil agus aeráide, cearta na mban, cearta LADTIA+, cearta na ndaoine ag a bhfuil cúlra mionlach cine nó eitneach, cearta saothair nó saoirse reiligiúin.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach

Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Tá cosaint leordhóthanach dlite freisin do rannpháirtithe i ndíospóireacht phoiblí, cé is moite d'iriseoirí, d'eagraíochtaí meán nó do chosantóirí chearta an duine, amhail lucht acadúil, taighdeoirí nó ealaíontóirí. I sochaí dhaonlathach, ba cheart dóibh a bheith in ann taighde, teagasc, foghlaim, feidhmiú agus cumarsáid a dhéanamh gan eagla roimh dhíoltas. Cuireann acadóirí agus taighdeoirí go bunúsach leis an dioscúrsa poiblí agus le scaipeadh eolais, chomh maith lena áirithiú gur féidir an díospóireacht dhaonlathach a reáchtáil ar bhonn eolasach agus cur i gcoinne na bréagaisnéise.

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Chun an timpeallacht seo a chothú, tá sé tábhachtach iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ní thionscnaítear imeachtaí cúirte den sórt sin chun rochtain a fháil ar cheartas, ach chun díospóireacht phoiblí a chur ina dtost trí chiapadh agus imeaglú a úsáid de ghnáth.	(9) Chun an timpeallacht seo a chothú, tá sé tábhachtach ***daoine nádúrtha nó dlítheanacha*** a chosaint ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ní thionscnaítear imeachtaí cúirte den sórt sin chun rochtain a fháil ar an gceartas, ach chun díospóireacht phoiblí a mhúchadh ***agus chun cosc a chur ar imscrúdú ar sháruithe ar dhlí an Aontais agus ar an dlí náisiúnta agus ar thuairisciú sáruithe orthu, lena n-áirítear éilliú nó cleachtais mhí-úsáideacha eile*** a úsáideann ciapadh agus imeaglú de ghnáth.

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Is iondúil go dtionscnaíonn eintitis chumhachtacha SLAPPanna, mar shampla daoine aonair, stocairí, corparáidí agus comhlachtaí stáit. Is iondúil go mbíonn éagothroime chumhachta idir na páirtithe ina bhfuil an t-éilitheoir i staid airgeadais nó staid pholaitiúil níos cumhachtaí ná an cosantóir. Cé nach mbíonn an éagothroime chumhachta ina saintréith riachtanach de chásanna den sórt sin i gcónaí, nuair a bhíonn an éagothroime sin ann méadaíonn sé na héifeachtaí díobhálacha chomh maith leis na héifeachtaí móra diúltacha a bhíonn ag imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí.	(10) Is iondúil go dtionscnaíonn daoine aonair nó eintitis chumhachtacha SLAPPanna, mar shampla daoine aonair, grúpaí brústocaireachta, corparáidí, ***oifigigh phoiblí, eintitis faoi rialú poiblí, polaiteoirí, údaráis bhreithiúnacha*** agus comhlachtaí ***stáit in iarracht díospóireacht phoiblí a mhúchadh***. Is iondúil go mbíonn éagothroime chumhachta idir na páirtithe ina bhfuil an t-éilitheoir i staid airgeadais nó staid pholaitiúil níos cumhachtaí ná an cosantóir. Cé nach mbíonn an éagothroime chumhachta ina saintréith riachtanach de chásanna den sórt sin i gcónaí, nuair a bhíonn an éagothroime sin ann méadaíonn sé na héifeachtaí díobhálacha chomh maith leis na héifeachtaí móra diúltacha a bhíonn ag imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí.

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach

Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) D'fhéadfadh imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí drochthionchar a bheith aige ar chreidiúnacht agus ar cháil na n-iriseoirí agus chosantóirí chearta an duine, agus ídíonn siad a gcuid acmhainní airgeadais agus acmhainní eile. Mar gheall ar imeachtaí den sórt sin, d'fhéadfaí moill a chur le foilsiú faisnéise maidir le hábhar leasa phoiblí nó d'fhéadfaí é a sheachaint go hiomlán. D'fhéadfaí go mbeadh tionchar mór diúltach ag fad na n-imeachtaí agus ag an mbrú airgeadais ar iriseoirí agus ar chosantóirí chearta an duine. Toisc gurb ann do chleachtais den sórt sin, d'fhéadfaí go mbeadh, dá bhrí sin, éifeacht dhíspreagtha aige seo ar a gcuid oibre agus iad ag déanamh féinchinsireacht ar a gcuid oibre ar eagla imeachtaí cúirte a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí, rud a fhágann go mbaintear den díospóireacht phoiblí, rud a dhéanann dochar don tsochaí ar fad.	(11) D'fhéadfadh imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí drochthionchar a bheith aige ar chreidiúnacht agus ar cháil na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí agus ídíonn siad a gcuid acmhainní airgeadais agus acmhainní eile. Mar gheall ar imeachtaí den sórt sin, d'fhéadfaí moill a chur le foilsiú faisnéise maidir le hábhar leasa phoiblí nó d'fhéadfaí é a sheachaint go hiomlán. D'fhéadfaí go mbeadh tionchar mór diúltach ag fad na n-imeachtaí agus ag an mbrú airgeadais ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí. Toisc gurb ann do chleachtais den sórt sin, d'fhéadfaí go mbeadh, dá bhrí sin, éifeacht dhíspreagtha aige seo ar a gcuid oibre agus iad ag déanamh féinchinsireacht ar a gcuid oibre ar eagla imeachtaí cúirte a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí, rud a fhágann go mbaintear den díospóireacht phoiblí, rud a dhéanann dochar don tsochaí ar fad.

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach

Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) D'fhéadfaí go mbeadh cásanna iomadúla comhuaineacha os a gcomhair siúd a thugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí, agus tionscnaítear na himeachtaí seo i ndlínsí iomadúla uaireanta. Is iondúil go mbíonn imeachtaí a thionscnaítear i ndlínse Ballstáit in aghaidh duine a chónaíonn i mBallstát níos casta agus níos costasaí don chosantóir. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh éilitheoirí in imeachtaí i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí úsáid a bhaint as uirlisí nós imeachta chun fad agus costas na dlíthíochta a ardú, agus cásanna a ardú i ndlínse a meastar a bheidh fabhrach dá gcás, in ionad sa chúirt is fearr chun an t-éileamh a ardú. Cuireann cleachtais den sórt sin ualach neamhriachtanach díobhálach ar córais náisiúnta cúirte.	(12) D'fhéadfaí go mbeadh cásanna iomadúla comhuaineacha os a gcomhair siúd a thugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí, ar féidir gur cásanna sibhialta, riaracháin nó coiriúla iad nó meascán dóibh, agus tionscnaítear na himeachtaí seo i ndlínsí iomadúla uaireanta. Is iondúil go mbíonn imeachtaí a thionscnaítear i ndlínse Ballstáit in aghaidh duine a chónaíonn i mBallstát níos casta agus níos costasaí don chosantóir. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh éilitheoirí in imeachtaí i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí úsáid a bhaint as uirlisí nós imeachta chun fad agus costas na dlíthíochta a ardú, agus cásanna a ardú i ndlínse a meastar a bheidh fabhrach dá gcás (siopadóireacht dlínse), in ionad sa chúirt is fearr chun an t-éileamh a ardú. ***Is uirlisí cumhachtacha iad fad agus éagsúlacht na nósanna imeachta, an brú airgeadais agus bagairt na bpionós, chun guthanna criticiúla a imeaglú agus a chur ina dtost.*** Cuireann cleachtais den sórt sin ualach neamhriachtanach díobhálach ar chórais náisiúnta cúirte agus baintear mí-úsáid as a n-acmhainní mar thoradh orthu, arb ionann é sin agus mí-úsáid a bhaint as córais bhreithiúnacha.

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach

Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart don choimirce dá bhforáiltear sa Treoir seo feidhm bheith aige maidir le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach agus a gcuid rannpháirteachais sa rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart dóibh freisin cosaint a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha a thacaíonn le hearraí nó seirbhísí a thabhairt do duine eile chun críocha atá nasctha go díreach le rannpháirtíocht phoiblí maidir le hábhar leasa phoiblí, ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn pearsanta, a chuidíonn leis na hearraí nó seirbhísí a thabhairt nó a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí sin. Cuimsítear leis sin mar shampla soláthraithe idirlín, tithe foilsitheoireachta nó siopaí priontála, a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh, nó a mbagraítear a leithéid orthu, mar gheall gur sholáthair siad seirbhísí don duine a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh.	(13) Ba cheart don choimirce dá bhforáiltear sa Treoir seo feidhm bheith aige maidir le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach agus a gcuid rannpháirteachais dhíreach nó indíreach sa rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart dóibh freisin cosaint a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha a thacaíonn le hearraí nó seirbhísí a thabhairt do duine eile chun críocha atá nasctha go díreach le rannpháirtíocht phoiblí maidir le hábhar leasa phoiblí, ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn pearsanta, a chuidíonn leis na hearraí nó seirbhísí a thabhairt nó a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí sin. Cuimsítear leis sin mar shampla dlíodóirí, baill teaghlaigh, soláthraithe idirlín, tithe foilsitheoireachta nó siopaí priontála, a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh, nó a mbagraítear a leithéid orthu, mar gheall gur thug siad cúnamh, sholáthair siad tacaíocht nó seirbhísí don duine a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Níl feidhm ag an Treoir maidir le héilimh a eascraíonn as dliteanas an Stáit i ndáil le gníomhartha nó easnaimh i bhfeidhmiú údarás an Stáit (acta iure imperii) ná éilimh in aghaidh feidhmeannach a ghníomhaíonn thar ceann an Stáit, agus dliteanas i leith gníomhartha údaráis phoiblí, lena n-áirítear dliteanas sealbhóirí oifige arna gceapadh go poiblí.	(15) Níl feidhm ag an Treoir maidir le héilimh a eascraíonn as dliteanas an Stáit i ndáil le gníomhartha nó easnaimh i bhfeidhmiú údarás an Stáit (acta iure imperii) ná éilimh in aghaidh feidhmeannach a ghníomhaíonn thar ceann an Stáit, agus dliteanas i leith gníomhartha údaráis phoiblí, lena n-áirítear dliteanas sealbhóirí oifige arna gceapadh go poiblí, ach amháin má dhéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir leis. ***I gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh imeachtaí cúirte teacht faoi raon feidhme 'ábhair shibhialta agus tráchtála' dá dtagraítear sa Treoir seo i gcás inar páirtí Stát nó comhlacht poiblí, mura dtarlaíonn na gníomhartha nó na neamhghníomhartha i bhfeidhmiú údarás an Stáit.***

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach

Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha íosta, lena gcuirtear ar chumas na mBallstát forálacha atá níos fabhraí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le daoine atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí, lena n-áirítear dlí náisiúnta lena mbunaítear coimircí nós imeachta níos éifeachtaí, amhail pionós dúbailte trína bhféadfaidh an chúirt, agus lánurraim á tabhairt don cheart chun triail chóir a fháil, ní hamháin na costais nó an cúiteamh a dhámhachtain don chosantóir ach pionós a fhorchur freisin a íocfaidh an t-éilitheoir leis an stát nuair is léir go raibh an dlíthíocht a thosaigh sí cráiteach, suaibhreosach nó de mheon mímhacánta. Níor cheart cur chun feidhme na Treorach seo údar a thabhairt le haon chúlchéimniú i ndáil leis an leibhéal cosanta atá ann cheana i ngach Ballstát.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach

Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart go gcumhdódh rannpháirtíocht phoiblí aon ráiteas ***nó*** gníomhaíocht ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach a thugtar nó a dhéantar i bhfeidhmiú ***an*** chirt chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil maidir le hábhar leasa phoiblí, amhail cumarsáid, foilseacháin nó oibreacha iriseoireachta, polaitíochta, eolaíochta, acadúla, ealaíon, tráchtaireachta nó aoracha a chruthú, a thaispeáint nó a fhógairt, agus gníomhaíocht ullmhúcháin atá nasctha go díreach leis sin. D'fhéadfaí a bheith san áireamh leis sin freisin gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an chirt chun saoirse comhlachais agus comhthionóil shíochánta, amhail gníomhaíochtaí brústocaireachta, léirsithe agus agóidí nó gníomhaíochtaí a thagann as feidhmiú an chirt chun dea-riaracháin agus an chirt	(16) Ba cheart go gciallódh rannpháirtíocht phoiblí aon ráiteas, ***nó aon ghníomhaíocht ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnaimh a bhaineann go díreach leis sin,*** a dhéanann duine nádúrtha nó duine dlítheanach a thugtar nó a dhéantar i bhfeidhmiú ***chearta agus shaoirsí bunúsacha agus chearta an duine amhail*** an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil maidir le hábhar atá chun leasa an phobail, amhail cumarsáidí, foilseacháin nó saothair iriseoireachta, polaitiúla, eolaíochta, acadúla, ealaíne, tráchtaireachta nó aoracha a chruthú, a thaispeáint, a fhógairt nó a chur chun cinn ar bhealach eile, agus aon ghníomhaíochtaí ullmhúcháin a bhfuil baint dhíreach acu leo. D'fhéadfaí bheith san áireamh léi freisin gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú na ***saoirse***

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
chun leigheas éifeachtach a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu, amhail comhdú gearán, achainíocha, éilimh riaracháin agus bhreithiúnacha agus rannpháirtíocht in éisteachtaí poiblí. Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht phoiblí gníomhaíochtaí ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta ag a bhfuil nasc díreach bunúsach leis an ráiteas nó leis an ngníomhaíocht i gceist agus a ndírítear orthu chun bac a chur le rannpháirtíocht phoiblí. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go gcumhdófaí leis gníomhaíochtaí eile atá ceaptha bonn eolais a chur faoi thuairimí an phobail nó tionchar a imirt orthu nó gníomhaíocht ón bpobal, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ó aon eintiteas príobháideach nó poiblí a chur chun cinn i ndáil le saincheist leasa phoiblí, amhail taighde, suirbhéanna, feachtais nó aon chineál eile gníomhaíochta comhchoitinne a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu.	***acadúla agus ealaíne,*** an ceart chun saoirse comhlachais agus comhthionóil shíochánta, amhail gníomhaíochtaí brústocaireachta a eagrú nó páirt a ghlacadh iontu, léirsithe agus agóidí nó gníomhaíochtaí a eascraíonn as feidhmiú an chirt chun dea-riaracháin agus an ceart chun leighis éifeachtaigh, amhail gearáin, achainíocha, éilimh riaracháin agus bhreithiúnacha a chomhdú agus rannpháirtíocht in éisteachtaí poiblí. Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht phoiblí gníomhaíochtaí ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta ag a bhfuil nasc díreach bunúsach leis an ráiteas nó leis an ngníomhaíocht i gceist agus a ndírítear orthu chun bac a chur le rannpháirtíocht phoiblí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go gcumhdófaí leis gníomhaíochtaí eile atá ceaptha bonn eolais a chur faoi thuairimí an phobail nó tionchar a imirt orthu nó gníomhaíocht ón bpobal, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ó aon eintiteas príobháideach nó poiblí a chur chun cinn i ndáil le saincheist leasa phoiblí, amhail taighde, suirbhéanna, feachtais nó aon chineál eile gníomhaíochta comhchoitinne a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu.

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach

Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ba cheart go n-áireofaí le coincheap ábhar leasa phoiblí cáilíocht, sábháilteacht nó gnéithe ábhartha eile d'earraí, de tháirgí nó de ***sheirbhísí i gcás*** ina mbíonn ábhair den sórt sin ábhartha don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht, don chomhshaol, don aeráid ***nó d'fheidhmiú cearta bunúsacha***. Níor cheart díospóid iomlán aonair idir tomhaltóir agus monaróir nó soláthraí seirbhíse a bhaineann le hearra, táirge nó seirbhís a chumhdach ach amháin nuair a bhaineann gné de leas poiblí leis an ábhar, mar shampla táirge nó seirbhís nach gcomhlíonann caighdeáin chomhshaoil nó sábháilteachta.	(18) ***Ba cheart go gcuirfí san áireamh*** sa choincheap a bhaineann le leas an phobail ***ábhair a bhaineann le cearta bunúsacha a theachtadh, lena n-áirítear comhionannas inscne, cosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe agus neamh-idirdhealú, agus cosaint an smachta reachta, saoirse agus iolrachas na meán, agus an comhshaol.*** Ba cheart go n-áireofaí ann freisin cáilíocht, sábháilteacht nó gnéithe ábhartha eile d'earraí, táirgí nó ***seirbhísí i gcás*** ina bhfuil na hábhair sin ábhartha don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht, don chomhshaol, don aeráid***,*** do chearta ***tomhaltóirí agus saothair***. Níor cheart díospóid iomlán aonair idir tomhaltóir agus monaróir nó soláthraí seirbhíse a bhaineann le hearra, táirge nó seirbhís a chumhdach ach amháin nuair a bhaineann gné de leas poiblí leis an ábhar, mar shampla táirge nó seirbhís nach gcomhlíonann caighdeáin chomhshaoil nó sábháilteachta.

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach

Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Líomhaintí maidir le héilliú, calaois, claonchasadh, sciúradh airgid, sracadh, comhéigean, gnéaschiapadh agus foréigean inscnebhunaithe, nó cineálacha eile imeaglaithe agus coiriúlachta, nó aon chion coiriúil nó eile riaracháin, lena n-áirítear coiriúlacht airgeadais agus coireacht chomhshaoil, cáilíonn siad mar ábhair a bhaineann le leas an phobail. Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, an prionsabal nach gcuirfí isteach ar phróisis dhaonlathacha, agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis a sholáthar nó a éascú d'fhonn an bhréagaisnéis a chomhrac, cáilíonn siad freisin mar ábhair a bhaineann le leas an phobail;

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach

Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Is iondúil go mbaineann teaicticí dlíthíochta a úsáidtear le mí-ionracas in imeachtaí cúirte mí-úsáideacha amhail moill a chur ar imeachtaí, costais dhíréireacha a tharraingt ar an gcosantóir sna himeachtaí nó siopadóireacht dlínse. Úsáideann an t-éilitheoir na teaicticí seo chun críocha eile ach ní chun ceartas a bhaint amach. Is iondúil go n-úsáidtear na teaicticí seo i dteannta le cineálacha éagsúla eile imeaglaithe, ciaptha nó bagairtí, ach ní i gcónaí.	(20) ***Is iondúil go dtagann an éagothroime cumhachta idir na páirtithe ar saintréith de SLAPPanna í as dúshaothrú buntáiste eacnamaíoch nó tionchair pholaitiúil ag an éilitheoir i gcoinne an chosantóra, mar aon leis an easpa fiúntas dlíthiúil.*** Is iondúil go mbaineann ***táscairí eile le haghaidh*** imeachtaí cúirte mí-úsáideacha le bearta dlíthíochta a úsáidtear de mheon mímhacánta amhail ***brath ar éileamh amháin nó níos mó atá gan bhunús go hiomlán nó go páirteach, éilimh iomarcacha a dhéanamh,*** moill a chur ar imeachtaí ***nó deireadh a chur le cásanna ag céim níos déanaí de na himeachtaí, imeachtaí iomadúla a thionscnamh maidir le hábhair chomhchosúla***, rud a fhágann go mbíonn costais dhíréireacha ar an gcosantóir sna himeachtaí nó sa siopadóireacht dlínse. ***Ba cheart iompar an éilitheora san am a chuaigh thart agus, go háirithe, aon stair imeaglaithe dhlíthiúil a chur san áireamh freisin agus cinneadh á dhéanamh an imeachtaí de chineál mí-úsáideach iad na himeachtaí cúirte***. Úsáideann an t-éilitheoir na teaicticí seo chun críoch eile ach ní chun ceartas a bhaint amach ***nó ceart a fheidhmiú i ndáiríre***. Is iondúil go n-úsáidtear na teaicticí seo i dteannta cineálacha éagsúla eile imeaglaithe, ciaptha nó bagairtí, ach ní i gcónaí.

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach

Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Go bhfuil imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach i gcoinne rannpháirtíocht an phobail ag éirí níos sofaisticiúla agus níos éifeachtaí, agus gurb é atá i gceist le ceann de na teicnící a úsáidtear ná go dtógtar cásanna dlí iomadúla i gcoinne an duine chéanna ar an ábhar céanna, rud a fhágann go gcaithfidh an duine céanna iad go léir a chosaint agus déileáil leo ag an am céanna, rud a mhéadaíonn na costais go díréireach.

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach

Aithris 20 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20b) Tá míchothromaíocht chumhachta idir an t-éilitheoir agus an cosantóir i dtéarmaí acmhainní airgeadais agus dlíthiúla tréithrithe go comhsheasmhach ag SLAPPanna. Is cúis imní ar leith í an éagothroime cumhachta sin más rud é go ndéantar na cásanna dlí mí-úsáideacha a chistiú go díreach nó go hindíreach ó bhuiséid stáit agus go ndéantar iad a chomhcheangal le bearta stáit indíreacha agus díreacha eile i gcoinne eagraíochtaí neamhspleácha meán, iriseoireacht neamhspleách agus na sochaí sibhialta.

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach

Aithris 20 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20c) Is minic a sháraíonn imeachtaí cúirte mí-úsáideacha in aghaidh rannpháirtíocht phoiblí ceart cosantóirí chun cosanta a aithnítear sa Chairt, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu freisin ar a gceart chun trialach córa agus ar thoimhde na neamhchiontachta.

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach

Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Ba cheart a mheas go bhfuil impleachtaí trasteorann ag ábhar ach amháin má bhíonn sainchónaí ar an dá pháirtí sa Bhallstát céanna leis an gcúirt a dtugtar an cás os a comhair. Fiú i gcás ina mbíonn sainchónaí ar an dá pháirtí sa Bhallstát céanna leis an gcúirt, a dtugtar an cás os a comhair, ba cheart a mheas go bhfuil impleachtaí trasteorann aige in dhá chineál eile staide. An chéad staid is ea cás ina mbeidh gníomh sonrach na rannpháirtíochta poiblí ***a bhaineann le hábhar leasa phoiblí idir chamáin*** ábhartha do níos mó ná Ballstát amháin. ***Áirítear leis sin***, mar shampla, rannpháirtíocht phoiblí in imeachtaí arna n-eagrú ag institiúidí an Aontais, ***amhail*** láithreacht in éisteachtaí poiblí, nó ráitis nó gníomhaíochtaí maidir le hábhair ***atá ábhartha go sonrach do níos mó ná Ballstát amháin***, amhail truailliú trasteorann nó líomhaintí sciúrtha airgid lena bhféadfadh gnéithe trasteorann a bheith bainteach. An dara staid inar cheart a mheas go bhfuil impleachtaí trasteorann ag ábhar is ea cás inar thionscain an t-éilitheoir nó eintitis a bhaineann leis imeachtaí cúirte comhthráthacha nó imeachtaí cúirte roimhe seo in aghaidh na gcosantóirí céanna nó cosantóirí a bhaineann leo i mBallstát eile. Cuirtear comhthéacs sonrach SLAPPanna san áireamh sa dá chineál staide sin.	(22) Ba cheart a mheas go bhfuil impleachtaí trasteorann ag ábhar ach amháin má bhíonn sainchónaí ar an dá pháirtí sa Bhallstát céanna leis an gcúirt a dtugtar an cás os a comhair. Fiú i gcás ina mbíonn sainchónaí ar an dá pháirtí sa Bhallstát céanna leis an gcúirt, a dtugtar an cás os a comhair, ba cheart a mheas go bhfuil impleachtaí trasteorann aige in dhá chineál eile staide. Is é atá sa chéad staid an cás go bhfuil gníomh sonrach na rannpháirtíochta poiblí ábhartha do níos mó ná Ballstát amháin, ***mar gheall ar ghné thrasteorann an ghnímh féin nó mar gheall ar an leas dlisteanach a d'fhéadfadh an pobal a ghlacadh san ábhar lena mbaineann an gníomh, lena n-áirítear má tá rochtain ar an ngníomh trí mheán leictreonach***. ***Áirítear i staideanna den sórt sin***, mar shampla, ***gníomhartha*** rannpháirtíochta poiblí, ***amhail*** imeachtaí arna n-eagrú ag institiúidí an Aontais, láithriú in éisteachtaí poiblí nó ***foilseacháin a scaiptear go forleathan***. ***D'fhéadfadh sé go n-áireofaí orthu freisin*** ráitis nó gníomhaíochtaí maidir le hábhair, amhail truailliú trasteorann, nó líomhaintí maidir le sciúradh airgid a bhféadfadh rannpháirtíocht trasteorann a bheith ag baint leo. ***Ba cheart a mheas go bhfuil gníomh rannpháirtíochta poiblí inrochtana i níos mó ná Ballstát amháin, go háirithe má dhéantar é ar an idirlíon, mar shampla i gcás feachtais ar na meáin shóisialta nó i gcás clúdach ar líne sna meáin. Ós rud é go bhfuil an t-idirlíon uileláithreach, ní mór gníomhartha rannpháirtíochta poiblí atá inrochtana i níos mó ná Ballstát amháin a mheas mar ábhair a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Aithníodh cheana i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an éifeacht a bhíonn ag modhanna digiteacha cumarsáide ar choincheap na n-eilimintí trasteorann.*** An dara staid inar cheart a mheas go bhfuil impleachtaí trasteorann ag ábhar is ea cás inar thionscain an t-éilitheoir nó eintitis a bhaineann leis imeachtaí cúirte comhthráthacha nó imeachtaí cúirte roimhe seo in aghaidh na gcosantóirí céanna nó cosantóirí a bhaineann leo i mBallstát eile. Cuirtear comhthéacs sonrach SLAPPanna san áireamh sa dá chineál staide sin.

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach

Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22a) Ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil do dhaoine a ndírítear orthu le himeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí ón uair a thagann údaráis inniúla ar an eolas faoi na daoine sin agus le linn na n-imeachtaí, i gcomhréir leis na cearta a leagtar amach sa Treoir seo. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil trí mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus comhairle chuimsitheach agus neamhspleách a sholáthar, ar bhealach a bhfuil rochtain éasca ag an bpobal air agus saor in aisce, maidir leis na nósanna imeachta agus na leigheasanna atá ar fáil, maidir le cosaint ar imeaglú, ciapadh nó bagairtí caingne dlí, agus maidir le cearta an duine lena mbaineann, agus trí chúnamh dlíthiúil a sholáthar in imeachtaí sibhialta trasteorann, cúnamh dlíthiúil in imeachtaí breise agus comhairleoireacht dhlíthiúil nó cúnamh dlíthiúil eile a mheastar a bheith iomchuí. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cúnamh airgeadais agus bearta tacaíochta, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch, dóibh siúd a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí.

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach

Aithris 22 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22b) Mar gheall ar rannpháirtíocht in imeachtaí i gcoinne rannpháirtíocht an phobail, fágtar na daoine a dtugtar na himeachtaí sin ina n-aghaidh gan chosaint ar strus síceolaíoch ar leith. Leis an ullmhúchán le haghaidh imeachtaí den sórt sin agus le rannpháirtíocht sna himeachtaí sin, bíonn acmhainní luachmhara na gcosantóirí gafa freisin, arb acmhainní iad nach mbíonn acu go minic nó a dhéanfaí a infheistiú i ngabháil do rannpháirtíocht phoiblí murach sin. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag comhlachais, eagraíochtaí agus comhlachtaí comhchoiteanna eile, amhail ceardchumainn, agus aon eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, cearta an chosantóra a choimirciú, páirt a ghlacadh sna

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	himeachtaí, thar ceann an chosantóra nó chun tacú leis, lena fhormheas nó lena formheas, nó faisnéis a sholáthar sna nósanna imeachta breithiúnacha dá bhforáiltear d'fhorfheidhmiú oibleagáidí faoin Treoir seo. Ba cheart an fhéidearthacht sin maidir le hionadaíocht dhlíthiúil a bheith gan dochar do cheart agus d'inniúlachtaí na gceardchumann agus ionadaithe na n-oibrithe páirt a ghlacadh thar ceann oibrithe nó chun tacú leo in imeachtaí breithiúnacha, i gcomhréir le rialacha eile de chuid an Aontais agus le rialacha náisiúnta eile.

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach

Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart go mbeadh cosantóirí in ann iarratas a dhéanamh ar na coimircí nós imeachta a leanas: iarraidh ar urrús chun costais nós imeachta, nó costais nós imeachta agus damáistí a chumhdach, iarraidh ar dhíbhe luath imeachtaí cúirte a bhíonn go hiomlán gan bhunús, iarraidh ar leigheasanna i leith imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (bronnadh costas, cúiteamh damáistí agus pionós), nó gach ceann acu an tráth céanna.	(23) Ba cheart go mbeadh cosantóirí in ann iarratas a dhéanamh ar na coimircí nós imeachta seo a leanas: iarraidh ar urrús chun costais nós imeachta, nó costais nós imeachta agus damáistí a chumhdach, iarraidh ar dhíbhe luath imeachtaí cúirte a bhíonn go hiomlán gan bhunús, iarraidh ar leigheasanna i leith imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (bronnadh costas, cúiteamh damáistí agus pionós), nó gach ceann acu an tráth céanna. ***Ba cheart déileáil le himeachtaí cúirte arna dtionscnamh in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha mar gheall ar iad a bheith rannpháirteach sa rannpháirtíocht phoiblí ar bhealach tapa agus éifeachtach, agus imthosca an cháis á gcur san áireamh, agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus an ceart chun triail chóir a fháil.***

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Chun coimirce bhreise a sholáthar don chosantóir, ba cheart go mbeadh féidearthacht ann urrús a dheonú dó nó di chun costais nós imeachta agus/nó damáistí a cumhdach, i gcás ina measann an chúirt go bhfuil gnéithe den éileamh ann a léiríonn mí-úsáid nós imeachta agus gur beag an seans go n-éireoidh leis sna príomhimeachtaí, fiú mura bhfuil an t-éileamh go follasach gan bhunús. Ní hionann urrús agus breithiúnas ar na tuillteanais ach is beart réamhchúraim é a chinntíonn éifeachtaí cinneadh críochnaitheach a chinneann go bhfuil mí-úsáid nós imeachta ann. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht na mBallstát a chinneadh ar cheart don chúirt urrús a shainordú as a stuaim féin nó arna iarraidh sin ag an gcosantóir.	(26) Chun coimirce bhreise a sholáthar don chosantóir, ba cheart go mbeadh féidearthacht ann urrús a dheonú dó nó di chun costais nós imeachta agus/nó damáistí a cumhdach, i gcás ina measann an chúirt go bhfuil gnéithe den éileamh ann a léiríonn mí-úsáid nós imeachta agus gur beag an seans go n-éireoidh leis sna príomhimeachtaí, fiú mura bhfuil an t-éileamh go follasach gan bhunús. ***I gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, ba cheart go bhféadfaí urrús a dheonú don chosantóir ag céim ar bith de na himeachtaí cúirte agus ba cheart go mbeadh an breitheamh in ann a ordú go leithdháilfí foráil maidir le táillí cúirte ar an gcosantóir agus gurb é an t-éilitheoir a iompróidh í agus, i gcás inarb iomchuí, staid airgeadais na bpáirtithe agus costais intuartha na n-imeachtaí á mbreithniú aige.*** Ní hionann urrús agus breithiúnas ar na tuillteanais ach is beart réamhchúraim é a chinntíonn éifeachtaí cinneadh críochnaitheach a chinneann go bhfuil mí-úsáid nós imeachta ann ***agus a dhéanann costais agus an damáiste a rinneadh don chosantóir a chlúdach***. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht na mBallstát a chinneadh ar cheart don chúirt urrús a shainordú as a stuaim féin nó arna iarraidh sin ag an gcosantóir.

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach

Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Chun luas ard a áirithiú sa nós imeachta brostaithe maidir le hiarratas ar dhíbhe luath, féadfaidh Ballstáit teorainneacha ama a shocrú le haghaidh éisteachtaí a thionól nó cinneadh a dhéanamh ag an gcúirt.	(29) ***Ba cheart do chúirteanna nó do bhinsí a bhfuil iarratas ar choimircí nós imeachta os a gcomhair, gníomhú go gasta i ndáil leis an iarratas sin, ag baint úsáide as na nósanna imeachta is éifeachtúla atá ar fáil faoin dlí náisiúnta.*** Chun luas ard a áirithiú sa nós imeachta brostaithe maidir le hiarratas ar dhíbhe luath, féadfaidh na Ballstáit teorainneacha ama a shocrú le haghaidh éisteachtaí a thionól nó cinneadh a dhéanamh ag an gcúirt. Féadfaidh siad scéimeanna a ghlacadh freisin ar cosúil iad le nósanna imeachta i ndáil le bearta sealadacha. Ba cheart do Bhallstáit iarrachtaí a dhéanamh a áirithiú i gcás ina bhfuil iarratas déanta ag an gcosantóir ar choimircí nós imeachta eile, go ndéantar an

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh siad scéimeanna a ghlacadh freisin ar cosúil iad le nósanna imeachta i ndáil le bearta sealadacha. Ba cheart do Bhallstáit iarrachtaí a dhéanamh a áirithiú i gcás ina bhfuil iarratas déanta ag an gcosantóir ar choimircí nós imeachta eile, go ndéantar an cinneadh go tapa freisin. Maidir le cóireáil gasta, d'fhéadfadh na Ballstáit a chur san áireamh, i measc nithe eile, an ndearna an t-éilitheoir imeachtaí iomadúla nó imeachtaí comhbheartaithe a thionscnamh in ábhair chomhchosúla agus iarrachtaí imeaglaithe, ciaptha nó bagartha a bheith déanta i gcoinne an chosantóra.	cinneadh go tapa freisin. Maidir le cóireáil ghasta, d'fhéadfadh na Ballstáit a chur san áireamh, i measc nithe eile, an ndearna an t-éilitheoir imeachtaí iomadúla nó imeachtaí comhbheartaithe a thionscnamh in ábhair chomhchosúla agus iarrachtaí imeaglaithe, ciaptha nó bagartha a bheith déanta i gcoinne an chosantóra.

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach

Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Má rinne cosantóir iarratas ar dhíbhe luath, ba cheart gur faoin éilitheoir sna príomhimeachtaí a bheadh sé a chruthú sa nós imeachta brostaithe nach bhfuil an t-éileamh go follasach gan bhunús. Ní hionann sin agus teorannú ar rochtain ar an gceartas, á chur san áireamh go bhfuil an dualgas cruthúnais i ndáil leis an éileamh sin sna príomhimeachtaí ar an éilitheoir agus nach gá dó ach tairseach i bhfad níos ísle a chomhlíonadh, is é sin a thaispeáint nach bhfuil an t-éileamh go follasach gan bhunús, chun díbhe luath a sheachaint.	(30) Má rinne cosantóir iarratas ar dhíbhe luath, ba cheart gur faoin éilitheoir sna príomhimeachtaí a bheadh sé a chruthú sa nós imeachta brostaithe nach bhfuil an t-éileamh gan bhunús. Ní hionann sin agus teorannú ar rochtain ar an gceartas, á chur san áireamh go bhfuil an dualgas cruthúnais i ndáil leis an éileamh sin sna príomhimeachtaí ar an éilitheoir agus nach gá dó ach tairseach i bhfad níos ísle a chomhlíonadh, is é sin a thaispeáint nach bhfuil an t-éileamh go follasach gan bhunús chun díbhe luath a sheachaint. ***Ina theannta sin, ba cheart do bhreitheamh cinntí maidir le dífhostú luath a dhéanamh i gcónaí, ar bhonn cás ar chás, agus ba cheart go mbeadh na héilitheoirí i gcónaí i dteideal achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh luath maidir le díbhe.***

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach

Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ba cheart do chostais gach costas a bhaineann leis na himeachtaí a chumhdach, lena n-áirítear costais iomlána na hionadaíochta dlíthiúla arna dtabhú ag an gcosantóir, mura bhfuil na costais sin iomarcach. Níor cheart a mheas go bhfuil costais na hionadaíochta dlíthiúla, a sháraíonn méideanna arna leagan síos i dtáblaí táillí reachtúla, iomarcach per se. Ba ceart go n-áireofaí le cúiteamh ***iomlán*** ar dhamáistí ***damáistí ábhartha agus neamhábhartha araon amhail díobháil fhisiciúil agus shíceolaíoch***.	(31) Ba cheart do chostais gach costas a bhaineann leis na himeachtaí a chumhdach, lena n-áirítear costais iomlána na hionadaíochta dlíthiúla arna dtabhú ag an gcosantóir***, lena n-áirítear costais réamhthrialach***, mura bhfuil na costais sin iomarcach. Níor cheart a mheas go bhfuil costais na hionadaíochta dlíthiúla, a sháraíonn méideanna arna leagan síos i dtáblaí táillí reachtúla, iomarcach per se***, ach ba cheart go gceadófaí na costais a dhámhachtain go hiomlán. I gcás nach bhforáiltear sa dlí náisiúnta do dhámhachtain iomlán costas sa bhreis ar tháillí reachtúla, ba cheart go mbeadh an chúirt in ann na costais iomlána a dhámhachtain cibé modh eile atá ar fáil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí*** dhamáistí a chúiteamh.

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach

Aithris 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31a) Ba cheart a áireamh le cúiteamh iomlán ar dhamáiste damáiste ábhartha agus neamhábhartha araon, amhail díobháil fhisiciúil, díobháil do chlú agus díobháil shíceolaíoch. Chun go mbeidh an cosantóir in ann damáistí a éileamh go héasca agus go tráthúil, ba cheart é a bheith indéanta damáistí a lorg sna himeachtaí céanna leis na himeachtaí a thionscnaítear i gcoinne an chosantóra, trí fhrithéileamh i gcás inarb iomchuí. Ba cheart go n-áireofaí le damáiste ábhartha, go háirithe, táillí dlíodóra, nuair nach bhfuil siad in-aisíoctha mar chostais, speansais taistil agus costais leighis, go háirithe le haghaidh cúnamh síceolaíoch. Ba cheart costais réamhthrialach a áireamh i ndamáiste ábhartha, mura n-áirítear iad le costais faoin dlí náisiúnta nó faoin treoir seo. Ba cheart a áireamh freisin sna costais réamhthrialach speansais riachtanacha arna dtabhú i ndáil le cearta an duine a chosaint i gcoinne éilimh mhí-úsáideacha, lena n-áirítear táillí dlíodóra. Ba cheart a áireamh, go háirithe, i ndamáiste neamhábhartha cineálacha éagsúla díobhála fisiciúla agus/nó síceolaíochta, péine agus fulaingthe nó anacra mothúchánaí a bhaineann leis na himeachtaí cúirte, damáiste do

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	chlú agus go ginearálta, aon chineál damáiste dholáimhsithe.

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach

Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Is é an phríomhchuspóir a bhaineann leis an bhféidearthacht a thabhairt do chúirteanna nó do bhinsí chun pionóis a fhorchur ná éilitheoirí féideartha a dhíspreagadh ó imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a thionscnamh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart do phionóis den sórt sin bheith comhréireach maidir le gnéithe na mí-úsáide a aithnítear. Le linn méideanna a shuí le haghaidh pionós, ba cheart do chúirteanna an fhéidearthacht a bhaineann le héifeacht dhíobhálach nó éifeacht mhór dhiúltach na n-imeachtaí ar rannpháirtíocht phoiblí a chur san áireamh, lena n-áirítear nithe a bhaineann le cineál an éilimh, ar thionscain an t-éilitheoir imeachtaí iomadúla nó comhbheartaithe maidir le hábhair chosúla agus iarrachtaí chun an t-éilitheoir a imeaglú, a chiapadh nó bagairt ar an éilitheoir.	(32) Is é an phríomhchuspóir a bhaineann leis an bhféidearthacht a thabhairt do chúirteanna nó do bhinsí chun pionóis a fhorchur ná éilitheoirí féideartha a dhíspreagadh ó imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a thionscnamh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. ***Ba cheart*** na pionóis sin ***a chinneadh de réir an cháis agus*** ba cheart iad a bheith comhréireach leis na heilimintí mí-úsáide a sainaithníodh. Le linn méideanna a shuí le haghaidh pionós, ba cheart do chúirteanna an fhéidearthacht a bhaineann le héifeacht dhíobhálach nó éifeacht mhór dhiúltach na n-imeachtaí ar rannpháirtíocht phoiblí a chur san áireamh, lena n-áirítear nithe a bhaineann le cineál an éilimh, ar thionscain an t-éilitheoir imeachtaí iomadúla nó comhbheartaithe maidir le hábhair chosúla agus iarrachtaí chun an t-éilitheoir a imeaglú, a chiapadh nó bagairt ar an éilitheoir.

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach

Aithris 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32a) Chun a áirithiú go mbeidh an pobal ar an eolas faoi chinntí cúirte, ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta a bhunú a mbeidh rochtain ag an bpobal air de chinntí ábhartha cúirte a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún clár de chuid an Aontais a mbeidh rochtain ag an bpobal air a bhunú ar bhonn na faisnéise ó chláir na mBallstát a bhaineann le cinntí ábhartha cúirte a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Sa chomhthéacs trasteorann tá sé tábhachtach freisin bagairt SLAPPanna ó thríú tíortha a dhíríonn ar iriseoirí, ar chosantóirí chearta an duine agus ar dhaoine eile atá rannpháirteach i rannpháirtíocht phoiblí agus a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas Eorpach a chur san áireamh. D'fhéadfaí a áireamh leo damáistí iomarcacha arna ndeonú in aghaidh ***iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus daoine eile san Aontas***. Bíonn imeachtaí cúirte i dtríú tíortha níos casta agus costasaí le haghaidh na ndaoine a dtugtar an t-imeacht ina n-aghaidh. D'fhonn daonlathas agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chosaint san Aontas Eorpach agus chun a sheachaint go ndéanfaí dochar do na coimircí arna bhforáil ag an Treoir seo dul i muinín imeachtaí cúirte i ndlínsí eile, tá sé tábhachtach cosaint a sholáthar freisin in aghaidh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha gan bhunús i dtríú tíortha.	(33) Sa chomhthéacs trasteorann tá sé tábhachtach freisin bagairt SLAPPanna ó thríú tíortha a dhíríonn ar iriseoirí, ar chosantóirí chearta an duine agus ar dhaoine eile atá rannpháirteach i rannpháirtíocht phoiblí agus a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas Eorpach a chur san áireamh. Féadfaidh damáistí iomarcacha arna ndámhachtain i gcoinne ***daoine atá ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí*** a bheith i gceist leo. Bíonn imeachtaí cúirte i dtríú tíortha níos casta agus costasaí le haghaidh na ndaoine a dtugtar an t-imeacht ina n-aghaidh. D'fhonn daonlathas agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chosaint san Aontas Eorpach agus chun a sheachaint go ndéanfaí dochar do na coimircí arna bhforáil ag an Treoir seo dul i muinín imeachtaí cúirte i ndlínsí eile, tá sé tábhachtach cosaint a sholáthar freisin in aghaidh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha gan bhunús i dtríú tíortha.

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Maidir le dlínse d'éilimh chlúmhillte nó d'éilimh eile bunaithe ar an dlí sibhialta nó tráchtála a d'fhéadfadh a bheith ina n-imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí, ba cheart a mheas gurb é an Ballstát ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir an t-aon fhóram amháin, agus aird chuí á tabhairt ar chásanna nuair is daoine nádúrtha iad na cosantóirí i gcásanna clúmhillte. Cé is moite den riail sin maidir le cásanna a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, níor cheart don Treoir seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rialachán An Bhruiséil I.

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33b) Leis an Treoir seo, bunaítear foras speisialta don dlí is infheidhme maidir le foilseacháin mar ghníomh rannpháirtíochta poiblí. In éilimh a bhaineann le foilsiú mar ghníomh rannpháirtíochta poiblí, ba cheart an dlí is infheidhme a mheas mar dhlí na háite a bhfuil an foilseachán sin dírithe uirthi. Más rud é nach bhféadfaí an áit sin a shainaithint, ba cheart gurb é an dlí is infheidhme dlí áit an rialaithe eagarthóireachta nó na gníomhaíochta ábhartha maidir le gníomh rannpháirtíochta poiblí. I gcásanna seachas na cinn a chumhdaítear leis an eisceacht sin, níor cheart don Treoir seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rialachán An Róimh II.

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Leis an Treoir seo, cruthaítear foras dlínse speisialta nua chun a áirithiú go bhfuil fáil ag spriocanna SLAPPanna a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas Eorpach ar leigheas éifeachtach san Aontas in aghaidh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a thugtar i gcúirt nó i mbinse tríú tír. Ceadaíonn an foras dlínse speisialta seo do na daoine a ndírítear orthu agus a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas Eorpach cúiteamh a iarraidh, sna cúirteanna nó sna binsí san áit a bhfuil sainchónaí orthu, i leith cúitimh damáistí agus costais a tabhaíodh i ndáil le himeachtaí os comhair chúirt nó bhinse an tríú tír. Tá feidhm ag an gceart seo gan beann ar an áit ina bhfuil sainchónaí ar an éilitheoir atá sna himeachtaí sa tríú tír.	(34) Leis an Treoir seo, cruthaítear foras dlínse speisialta nua chun a áirithiú go bhfuil fáil ag spriocanna SLAPPanna a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas Eorpach ar leigheas éifeachtach san Aontas in aghaidh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a thugtar i gcúirt nó i mbinse tríú tír. Ceadaíonn an foras dlínse speisialta seo do na daoine a ndírítear orthu agus a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas Eorpach cúiteamh a iarraidh, sna cúirteanna nó sna binsí san áit a bhfuil sainchónaí orthu, i leith cúitimh damáistí agus costais a tabhaíodh ***nó a mbeifí ag súil leo go réasúnta*** i ndáil le himeachtaí os comhair chúirt nó bhinse an tríú tír. Tá feidhm ag an gceart seo gan beann ar an áit ina bhfuil sainchónaí ar an éilitheoir atá sna himeachtaí sa tríú tír.

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34a) Ba cheart do na Ballstáit eagraíochtaí na sochaí sibhialta a spreagadh agus oibriú i ndlúthchomhar leo, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha atá aitheanta agus gníomhach a oibríonn le daoine a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí, go háirithe maidir le tionscnaimh ceaptha beartas, feachtais faisnéise agus múscailte feasachta, cláir thaighde agus oideachais, agus oiliúint, chomh maith le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeart sin.

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34b) Beidh feidhm ag forálacha agus coimircí na Treorach sin maidir le gach imeacht cúirte mí-úsáideach i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí, os comhair cúirt náisiúnta tráth theacht i bhfeidhm na rialacha náisiúnta lena ndéantar an Treoir seo a thrasuí agus ina dhiaidh sin.

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34c) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun a gcomhar a éascú chun feabhas a chur ar rochtain na ndaoine sin a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí ar fhaisnéis maidir leis na coimircí nós imeachta a leagtar amach sa Treoir seo agus faoin dlí náisiúnta. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcomhar sin malartú faisnéise maidir le cleachtais reatha laistigh de na Ballstáit i gcásanna trasteorann agus soláthar cúnaimh, i gcás inarb iomchuí, do líonraí agus do chomhlachtaí Eorpacha amhail an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, a oibríonn ar ábhair atá ábhartha go díreach dóibh siúd a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí.

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34d) Agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ghairm an dlí, ba cheart do na Ballstáit spreagadh a thabhairt do chomhlachais ghairmiúla rialacha dualeolaíochta a ghlacadh lena dtreoraítear iompar gairmithe dlíthiúla chun glacadh cásanna dlí mhí-úsáidigh i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí a dhíspreagadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí araíonachta i leith shárú na rialacha sin. Ba cheart bearta den sórt sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34e) Tá bailiú sonraí ríthábhachtach chun cásanna d'imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a dhoiciméadú agus chun réitigh a chur ar fáil chun iad a chosc. Leis an Treoir seo, ba cheart critéir chomhchoiteanna a bhunú chun na nósanna imeachta maidir le bailiú sonraí sna Ballstáit a chaighdeánú agus chun a áirithiú go mbaileofar sonraí inchomparáide. Ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn rialta, na sonraí atá ar fáil a sholáthar don Choimisiún ina léirítear an chaoi a bhfuair na daoine sin a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí rochtain ar na coimircí a leagtar amach sa Treoir seo. Bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le meastóireacht agus athbhreithniú na Treorach seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach cúig bliana. Ba cheart na tuarascálacha sin a chur ar fáil don phobal.

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach

Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Tá an Treoir seo comhlántach i leith an mholta ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ó imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí'). Is do Bhallstáit é an moladh seo agus soláthraítear leis sraith chuimsitheach de bhearta lena n-áirítear oiliúint, ardú feasachta, tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus bailiú sonraí orthu, tuairisciú agus faireachán ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí.	(36) Tá an Treoir seo comhlántach i leith an mholta ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ó imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí'). Is do Bhallstáit é an moladh seo agus soláthraítear leis sraith chuimsitheach de bhearta lena n-áirítear oiliúint, ardú feasachta, tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus bailiú sonraí orthu, tuairisciú agus faireachán ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. ***Agus an Treoir seo á trasuí, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chur chun feidhme Mholtaí an Choimisiúin maidir le, go háirithe, coimircí atá comhchosúil leis na coimircí dá bhforáiltear sa Treoir seo maidir le cásanna intíre nach gcumhdaítear le raon feidhme na Treorach seo, a chuimsiú, agus cúnamh dlí a sholáthar do chosantóirí ar bhealach inacmhainne agus ina mbeidh rochtain éasca air, agus breithniú a dhéanamh ar fhorálacha spriocdhírithe a chuimsiú ina ndlíthe náisiúnta trasuite chuige sin. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin chun smaoineamh ar chiste a bhunú chun tacú le híospartaigh SLAPPanna, ar cheart é a úsáid go díreach le haghaidh táillí dlí nó chun cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht shíceolaíoch a sholáthar.***

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach

Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36a) Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha maidir le tacaíocht chuimsitheach agus bearta coisctheacha, sásraí tacaíochta neamhairgeadais amhail cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht shíceolaíoch a sholáthar, chomh maith le hoiliúint, ardú feasachta agus bearta bailithe sonraí. Féachann sé freisin lena áirithiú go mbaileofar sonraí trí chritéir chomhchoiteanna a bhunú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go mbunófaí pointe fócasach náisiúnta lena mbaileofar agus lena gcomhroinnfear faisnéis

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	maidir le gach eagraíocht a thugann treoir agus tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha orthu mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí. D'fhéadfaí a áireamh ar na heagraíochtaí sin comhlachais de ghairmithe dlí, comhairlí meán agus preasa, bratchomhlachais do chosantóirí chearta an duine, comhlachais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, gnólachtaí dlí a dhéanann siúd a ndírítear imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach orthu mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar bhonn pro bono, clinicí dlíthiúla ollscoileanna agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile.

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach

Aithris 36 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36b) Chun cosc ar thionscnamh SLAPPanna a chothú agus chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ndírítear orthu a chosaint, tá sé ríthábhachtach faisnéis ábhartha, ardú feasachta, feachtais, oideachas agus oiliúint a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir lena gcearta agus lena sásraí cosanta.

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach

Aithris 36 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36c) Le hoiliúint d'iriseoirí, do ghairmithe meán eile agus do chosantóirí chearta an duine, ba cheart a gcumas a neartú déileáil le himeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart go ndíreofaí leis ar imeachtaí cúirte den sórt sin a aithint, ar an mbealach ina ndéileálfaí leis sa chás go ndíreodh na himeachtaí cúirte sin orthu mar spriocanna, agus na daoine sin a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí ionas go mbeidh siad in ann na bearta is gá a dhéanamh chun iad féin a chosaint i gcoinne imeachtaí den sórt sin. Ba cheart oiliúint a chur ar fáil do ghairmithe dlí freisin chun feasacht ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a mhéadú agus le bheith in ann iad a bhrath ag céim an-luath.

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Foráiltear leis an Treoir seo coimircí in aghaidh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha gan bhunús i ndáil le hábhair shibhialta ag a bhfuil impleachtaí trasteorann arna dtabhairt in aghaidh daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha, ***iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine go háirithe, mar gheall ar an rannpháirteach atá acu*** i rannpháirtíocht phoiblí.	Foráiltear leis an Treoir seo ***sraith íoschaighdeán cosanta agus*** coimircí in aghaidh imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach i ndáil le hábhair shibhialta, ***chomh maith leis na bagairtí go ndéanfaí sin***, ag a bhfuil impleachtaí trasteorann arna dtabhairt in aghaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha ***atá ag gabháil don*** rannpháirtíocht phoiblí.

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le hábhair shibhialta nó thráchtála ***ag a mbeidh*** impleachtaí trasteorann, is cuma cineál na cúirte nó an bhinse. Ní bheidh feidhm aige, go háirithe, maidir le hábhair ioncaim, custaim ná riaracháin ná le dliteanas an Stáit i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha i bhfeidhmiú údarás an Stáit (acta jure imperii).	Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le hábhair shibhialta nó thráchtála ***ag a bhfuil*** impleachtaí trasteorann***, lena n-áirítear bearta idirlinne agus cosanta, frithéilimh nó cineálacha ar leith leigheasanna eile atá le fáil faoi ionstraimí eile***, is cuma cineál na cúirte nó an bhinse. Ní bheidh feidhm aige, go háirithe, maidir le hábhair ioncaim, custaim ná riaracháin ná le dliteanas an Stáit i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha i bhfeidhmiú údarás an Stáit (acta jure imperii).

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2a ***Íoscheanglais*** ***1. Féadfaidh na Ballstáit forálacha níos fabhraí ná na coimircí dá bhforáiltear sa Treoir seo a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun in aghaidh imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús agus mí-úsáideach in ábhair shibhialta.*** ***2. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo in imthosca ar bith ina fhoras chun laghdú a dhéanamh ar leibhéal na gcoimircí a thugann na Ballstáit cheana féin sna hábhair a chumhdaítear faoin Treoir seo.***

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ciallaíonn 'rannpháirtíocht phoiblí' aon ráiteas nó aon ghníomhaíocht de chuid duine nádúrtha nó duine dlítheanach arna léiriú nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú an chirt chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil ***maidir le hábhar leasa phoiblí***, agus gníomhaíocht ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta atá nasctha go díreach leis sin. Áirítear leis sin gearáin, achainíocha, éilimh riaracháin nó bhreithiúnacha ***agus rannpháirtíocht*** in éisteachtaí poiblí;	1. ciallaíonn 'rannpháirtíocht phoiblí' aon ráiteas nó aon ghníomhaíocht de chuid duine nádúrtha nó duine dlítheanach arna léiriú nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú an chirt chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil***, saoirse acadúil, nó saoirse tionóil agus comhlachais***, agus gníomhaíocht ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta atá nasctha go díreach leis sin, ***maidir le hábhar leasa phoiblí***. Áirítear leis sin gearáin, achainíocha, éilimh riaracháin nó bhreithiúnacha***, an rannpháirtíocht*** in éisteachtaí poiblí***, cumarsáidí, foilseacháin nó oibreacha iriseoireachta, polaitiúla, eolaíochta, acadúla, ealaíne nó aoracha a chruthú, a thaispeáint nó a fhógairt nó a chur chun cinn ar bhealach eile***;

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an tsláinte phoiblí, an tsábháilteacht, an comhshaol***,*** an aeráid ***nó tairbhiú de na cearta bunúsacha***;	(a) ***cearta bunúsacha, lena n-áirítear comhionannas inscne, saoirse na meán agus cearta tomhaltóirí agus saothair, chomh maith le*** sláinte phoiblí, sábháilteacht, an comhshaol ***nó an*** aeráid;

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gníomhaíochtaí duine nó eintitis atá i mbéal an phobail nó lena mbaineann leas poiblí;	(b) gníomhaíochtaí duine nó eintitis atá i mbéal an phobail nó lena mbaineann leas poiblí***, lena n-áirítear oifigigh rialtais agus eintitis phríobháideacha***;

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) líomhaintí maidir le héilliú, calaois ***nó coireacht***;	(d) líomhaintí maidir le héilliú, calaois***, claonchasadh, sciúradh airgid, sracadh, comhéigean, gnéaschiapadh agus foréigean inscnebhunaithe, nó cineálacha eile imeaglaithe, nó aon chion coiriúil nó riaracháin eile, lena n-áirítear coireacht chomhshaoil***;

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) gníomhaíochtaí chun bréagaisnéis ***a chomhrac***;	(e) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ***na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, an prionsabal nach gcuirfí isteach ar phróisis dhaonlathacha a chosaint, agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis a sholáthar nó a éascú d'fhonn*** an bhréagaisnéis ***a chomhrac***;

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) gníomhaíochtaí acadúla, eolaíocha, taighde agus ealaíonta.

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ciallaíonn 'imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí' imeachtaí cúirte a thugtar i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí atá go hiomlán nó go páirteach gan bhunús agus a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu an rannpháirtíocht phoiblí a chosc nó a shrianadh nó pionós a ghearradh ina leith. D'fhéadfaí cuspóir den sórt sin a bhrath leis na nithe a leanas:	ciallaíonn 'imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí' imeachtaí cúirte a thugtar i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí atá go hiomlán nó go páirteach gan bhunús***, a bhfuil mar shaintréith acu gnéithe a thugann le fios go mbaintear mí-úsáid as an bpróiseas breithiúnach chun críocha seachas ceart a dhearbhú, a shuíomh nó a fheidhmiú i ndáiríre*** agus arb é an príomhchuspóir atá leo rannpháirtíocht phoiblí a chosc, a shrianadh nó pionós a ghearradh ina leith ***ar bhealach mí-úsáideach***. D'fhéadfaí cuspóir den sórt sin a bhrath leis na nithe a leanas:

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) mí-úsáid buntáiste eacnamaíoch nó tionchar polaitiúil ag an éilitheoir i gcoinne an chosantóra, rud a fhágann éagothroime cumhachta idir an dá pháirtí;

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) imeaglú, ciapadh nó bagairtí arna ndéanamh ag an éilitheoir nó ag a (h)ionadaithe.	(c) imeaglú, ciapadh nó bagairtí arna ndéanamh ag an éilitheoir nó ag a (h)ionadaithe***, roimh na himeachtaí nó lena linn, chomh maith le haon stair imeaglaithe dhlíthiúil roimhe sin arna dhéanamh ag an éilitheoir***;

Leasú 60

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) úsáid a bhaint as teaicticí nós imeachta de mheon mímhacánta, amhail moill a chur ar imeachtaí, agus roghnú leanúint d'éileamh atá faoi réir dhlínse na cúirte a gcaithfidh leis an éileamh ar an mbealach is fabhraí, nó scor na gcásanna ag céim níos déanaí de na himeachtaí.

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 4 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhfuil gníomh sonrach na rannpháirtíochta poiblí a bhaineann le hábhar leasa phoiblí, a dtionscnaítear na himeachtaí cúirte ina aghaidh, ábhartha do níos mó ná Ballstát amháin, nó	(a) go bhfuil gníomh sonrach na rannpháirtíochta poiblí ábhartha do níos mó ná Ballstát amháin, mar gheall ar ghné thrasteorann an ghnímh féin nó mar gheall ar an leas dlisteanach a d'fhéadfadh an pobal a ghlacadh san ábhar lena mbaineann an gníomh, lena n-áirítear má tá rochtain ar an ngníomh trí mheán leictreonach, nó

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadann an chúirt nó an binse a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair na bearta ar choimircí nós imeachta i gcomhréir le Caibidlí III agus IV a dhéanamh ex officio.	3. Forálfaidh na Ballstáit go bhféadann an chúirt nó an binse a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair na bearta maidir le coimircí nós imeachta i gcomhréir le Caibidlí III agus IV a dhéanamh *ex officio*.

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5 a ***Imeachtaí cúirte gasta*** ***Áiritheoidh na Ballstáit go ngníomhóidh cúirteanna nó binsí a bhfuil iarratas dá dtagraítear in Airteagal 5 os a gcomhair sna himeachtaí ar iarradh an t-iarratas ina leith, agus úsáid á baint as na nósanna imeachta is gasta atá ar fáil faoin dlí náisiúnta, agus imthosca an cháis, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa á gcur san áireamh.***

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5b ***Cúnamh do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá páirteach i rannpháirtíocht phoiblí*** ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí, de réir mar is iomchuí, ar bhearta tacaíochta, go háirithe an méid seo a leanas:*** ***(a) faisnéis agus comhairle atá cuimsitheach agus neamhspleách, inrochtana go héasca don phobal agus saor in aisce, maidir le nósanna imeachta agus leigheasanna atá ar fáil, maidir le cosaint ar imeaglú, ciapadh nó bagairtí caingne dlí, agus maidir lena gcearta; agus*** ***(b) cúnamh dlíthiúil i gcomhréir le Treoir 2003/8/CE ón gComhairle, agus, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, cúnamh dlíthiúil in imeachtaí eile, agus comhairleoireacht dhlíthiúil nó cúnamh dlíthiúil eile;*** ***(c) cúnamh airgeadais agus bearta tacaíochta, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch, dóibh siúd a dtugtar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ina n-aghaidh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí.***

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh cúirt nó binse a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair maidir le himeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí glacadh leis go bhféadfaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha a chosnaíonn cearta daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí nó a chuireann chun cinn iad rannpháirt a ghlacadh sna himeachtaí sin, chun tacú leis an gcosantóir nó chun faisnéis a sholáthar.	Déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh cúirt nó binse a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair maidir le himeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí glacadh leis go bhféadfaidh comhlachais, eagraíochtaí agus comhlachtaí comhchoiteanna eile, amhail ceardchumainn, agus aon eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos lena ndlí náisiúnta, cearta daoine atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint nó a chur chun cinn, páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin, thar ceann an chosantóra nó chun tacú leis, lena fhormheas nó lena formheas nó chun faisnéis a sholáthar, in aon nós imeachta breithiúnach dá bhforáiltear d'fhorfheidhmiú oibleagáidí faoin Treoir seo. ***Tá an fhoráil seo gan dochar do chearta ionadaíochta agus idirghabhála atá ann cheana mar a ráthaítear le rialacha eile de chuid an Aontais nó le rialacha náisiúnta eile.***

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh Ballstáit, in imeachtaí cúirte, go mbeidh an chumhacht ag an gcúirt nó ag an mbinse, a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair, a éileamh ar an éilitheoir urrús a sholáthar le haghaidh costas nós imeachta, nó le haghaidh costas nós imeachta agus damáistí, má mheasann sé go bhfuil urrús den sórt sin iomchuí toisc gurb ann do ghnéithe a thugann le fios gur imeachtaí cúirte mí-úsáideacha iad.	Áiritheoidh Ballstáit, in imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí , go mbeidh an chumhacht ag an gcúirt nó ag an mbinse, a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair, a éileamh ar an éilitheoir urrús a sholáthar le haghaidh costas a bhaineann leis na himeachtaí, lena n-áirítear costais iomlána a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil arna dtabhú ag an gcosantóir agus damáistí, má mheasann sé go bhfuil urrús den sórt sin iomchuí toisc gurb ann do ghnéithe a thugann le fios gur imeachtaí cúirte mí-úsáideacha iad. ***I gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta d'fhéidearthacht den sórt sin, d'fhéadfaí urrús a thabhairt don chosantóir ag céim ar bith de na himeachtaí cúirte.***

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh Ballstáit teorainneacha ama a shuí le haghaidh fheidhmiú an chirt chun iarratas ar dhíbhe luath a chomhdú. Beidh na teorainneacha ama comhréireach agus ní fhágfaidh siad go bhfuil feidhmiú den sórt sin dodhéanta nó ródheacair.	2. Déanfaidh Ballstáit teorainneacha ama a shuí le haghaidh fheidhmiú an chirt chun iarratas ar dhíbhe luath a chomhdú. Beidh na teorainneacha ama comhréireach, réasúnta agus ní fhágfaidh siad go bhfuil feidhmiú den sórt sin dodhéanta nó ródheacair.

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Ballstáit na bearta is fá chun a áirithiú gur féidir ordú d'éilitheoir a thug imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí costais uile na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear costais iomlána na hionadaíochta dlíthiúla arna dtabhú ag an gcosantóir, mura bhfuil na costais sin iomarcach.	Déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir ordú d'éilitheoir a thug imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí costais uile na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear costais iomlána na hionadaíochta dlíthiúla arna dtabhú ag an gcosantóir, mura bhfuil na costais sin iomarcach. ***I gcás nach ráthaítear leis an dlí náisiúnta an dámhachtain ina n-iomláine maidir le costais na hionadaíochta dlíthiúla thar tháblaí táillí reachtúla, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdófar na costais sin go hiomlán trí mhodhanna eile atá ar fáil faoin dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, trí damáistí a chúiteamh i gcomhréir le hAirteagal 15.***

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndearnadh díobháil de	Déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndearnadh díobháil de

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
dheasca imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí in ann lánchúiteamh as an díobháil sin a éileamh agus a fháil.	dheasca imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí in ann lánchúiteamh as an díobháil sin a éileamh agus a fháil, lena gcumhdaítear díobháil ábhartha nó neamhábhartha, lena n-áirítear díobháil do chlú, gan gá le himeachtaí cúirte ar leithligh a thionscnamh chuige sin.

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na cúirteanna nó na binsí a ghearrann pionóis aird chuí ar an méid seo a leanas:
	(i) staid eacnamaíoch an éilitheora;
	(ii) cineál agus líon na n-eilimintí a léiríonn mí-úsáid a sainaithníodh.

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 16 a
	Cláir náisiúnta
	Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun clár a bhunú a mbeidh rochtain ag an bpobal air de chinntí ábhartha cúirte a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Leasú 72

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh Ballstáit, i gcás ina bhfuil imeachtaí cúirte mí-úsáideacha mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí arna dtabhairt os comhair cúirte nó binse tríú tír in aghaidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil sainchónaí air i mBallstát, go bhféadann an duine sin cúiteamh a lorg, sna cúirteanna nó sna binsí san áit a bhfuil sainchónaí air, as na damáistí nó na costais a tabhaíodh i ndáil leis na himeachtaí os comhair chúirt nó bhinse an tríú tír, gan beann ar shainchónaí an éilitheora sna himeachtaí sa tríú tír.	Áiritheoidh Ballstáit, i gcás ina bhfuil imeachtaí cúirte mí-úsáideacha mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí arna dtabhairt os comhair cúirte nó binse tríú tír in aghaidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil sainchónaí air i mBallstát, go mbeidh sé de cheart ag an duine sin cúiteamh a lorg, sna cúirteanna nó sna binsí san áit a bhfuil sainchónaí air, as na damáistí nó na costais a tabhaíodh i ndáil leis na himeachtaí os comhair chúirt nó bhinse an tríú tír, gan beann ar shainchónaí an éilitheora sna himeachtaí sa tríú tír.

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach

Caibidil V a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Caibidil Va
	Dlínse, an dlí is infheidhme agus caidreamh le hionstraimí príobháideacha dlí idirnáisiúnta an Aontais

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18 a ***Dlínse d'éilimh chlúmhillte*** ***Maidir le héilimh chlúmhillte nó éilimh eile bunaithe ar an dlí sibhialta nó tráchtála a d'fhéadfadh a bheith ina n-éileamh faoin Treoir seo, measfar gurb é sainchónaí an chosantóra an t-aon fhóram amháin, agus aird chuí á tabhairt ar chásanna inar daoine nádúrtha iad íospartaigh an chlúmhillte.***

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18b ***Caidreamh le Rialachán na Bruiséile I*** ***Cé is moite d'Airteagal 18a den Treoir seo, ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do chur i bhfeidhm Rialachán na Bruiséile I***

Leasú 76

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18c ***Dlí is infheidhme maidir le foilseacháin mar ghníomh rannpháirtíochta poiblí.*** ***In éilimh a bhaineann le foilsiú mar ghníomh rannpháirtíochta poiblí, measfar an dlí is infheidhme mar dhlí na háite a bhfuil an foilseachán sin dírithe uirthi. I gcás nach bhféadfaí an áit ar a bhfuil an foilseachán dírithe a shainaithint, beidh dlí áit an rialaithe eagarthóireachta nó na gníomhaíochta ábhartha eagarthóireachta an dlí is infheidhme maidir le gníomh na rannpháirtíochta poiblí.***

Leasú 77

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18d ***Caidreamh le Rialachán na Róimhe II*** ***Cé is moite d'Airteagal 18c den Treoir seo, ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do chur i bhfeidhm Rialachán na Róimhe II.***

Leasú 78

Togra le haghaidh treorach

Caibidil V b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Caibidil Vb
	Forálacha eile

Leasú 79

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18e
	Clár an Aontais
	Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun clár de chuid an Aontais a mbeidh rochtain ag an bpobal air a bhunú ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 16a ó cinntí ábhartha cúirte a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Leasú 80

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18f ***Múscailt feasachta*** ***Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, arb é is aidhm di feasacht a mhúscailt faoi chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus faoi na coimircí nós imeachta a leagtar amach sa Treoir seo ina gcoinne. Féadfar a áireamh ar ghníomhaíocht den sórt sin feachtais faisnéise agus múscailte feasachta agus cláir thaighde agus oideachais, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile.***

Leasú 81

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18g ***Ionad ilfhreastail*** ***Déanfaidh na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, bearta iomchuí chun 'ionad ilfhreastail' a bhunú ina mbeidh líonraí tiomnaithe náisiúnta dlíodóirí speisialaithe, cleachtóirí dlí agus síceolaithe, ar féidir le SLAPPanna teagmháil a dhéanamh leo, agus trínar féidir leo treoir agus rochtain éasca a fháil ar fhaisnéis maidir le SLAPPanna, agus cosaint ina gcoinne, lena n-áirítear maidir le cúnamh dlíthiúil, tacaíocht airgeadais agus tacaíocht shíceolaíoch.***

Leasú 82

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18h ***Oiliúint a chur ar chleachtóirí*** ***1. Agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ghairm an dlí, molfaidh na Ballstáit dóibh siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar dhlíodóirí oiliúint ghinearálta agus sainoiliúint a chur ar fáil chun feasacht ar chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus na coimircí nós imeachta ina gcoinne dá bhforáiltear sa Treoir seo a mhéadú.*** ***2. Gan dochar do neamhspleáchas breithiúnach ná do dhifríochtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, iarrfaidh na Ballstáit orthu siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar bhreithiúna oiliúint ghinearálta agus oiliúint speisialaithe araon a chur ar fáil chun feasacht na mbreithiúna a mhéadú maidir le riachtanais daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí.*** ***3. Trína seirbhísí poiblí nó trí eagraíochtaí tacaíochta SLAPP a chistiú, spreagfaidh na Ballstáit tionscnaimh lena gcuirfear ar chumas na ndaoine sin a sholáthraíonn tacaíocht dóibh siúd a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí oiliúint leordhóthanach a fháil.***

Leasú 83

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18i ***Comhar agus comhordú seirbhísí*** ***Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí chun comhar idir na Ballstáit a éascú chun feabhas a chur ar rochtain na ndaoine sin a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ar fhaisnéis maidir le coimircí nós imeachta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus***

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	faoin dlí náisiúnta. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar sin ar a laghad: ***(a) dea-chleachtais reatha a mhalartú; agus*** ***(b) cúnamh a sholáthar do líonraí Eorpacha a oibríonn ar ábhair atá ábhartha go díreach dóibh siúd a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach.***

Leasú 84

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 j (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18j ***Rialacha dualeolaíochta do ghairmithe dlí*** ***Agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ghairm an dlí, déanfaidh na Ballstáit spreagadh a thabhairt do chomhlachais ghairmiúla rialacha dualeolaíochta a ghlacadh lena dtreoraítear iompar gairmithe dlíthiúla chun glacadh cásanna dlí mhí-úsáidigh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a dhíspreagadh, agus, i gcás inarb iomchuí, bearta a mheas chun aghaidh a thabhairt ar aon sárú ar na rialacha sin.***

Leasú 85

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 18 k (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18k
	Bailiú sonraí
	1. Déanfaidh na Ballstáit, agus a socruithe institiúideacha maidir le staitisticí breithiúnacha á gcur san áireamh, a chur de chúram ar údarás amháin nó níos mó a bheith freagrach, agus lánurraim á tabhairt do cheanglais cosanta sonraí, sonraí ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a thionscnaítear ina ndlínse a bhailiú agus a chomhiomlánú.
	2. Áireofar sna sonraí dá dtagraítear i mír 1 go háirithe an critéar seo a leanas:
	(a) líon na n-imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne cásanna rannpháirtíochta poiblí a tionscnaíodh sa bhliain ábhartha;
	(b) líon na n-imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne cásanna rannpháirtíochta poiblí a díbheadh go luath mar gheall ar bheith ag brath ar éilimh atá go hiomlán nó gan bhunús i bpáirt;
	(c) líon na n-imeachtaí cúirte, aicmithe de réir an chineáil cosantóra (e.g. iriseoir, cosantóir chearta an duine, eagraíocht meáin);
	(d) líon na n-imeachtaí cúirte, arna n-aicmiú de réir an chineáil gearánaí (e.g. polaiteoir, duine príobháideach, cuideachta, más eintiteas eachtrach é an gearánaí);
	(e) figiúirí faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí ar seoladh imeachtaí cúirte ina leith;
	(f) figiúirí maidir le méid measta na ndamáistí tosaigh a d'iarr na gearánaithe;
	(g) tuairisc ar na bunúis dlí éagsúla ar a bhfuil gearánaithe ag brath agus ar fhigiúirí gaolmhara;
	(h) figiúirí maidir le fad na n-imeachtaí, lena n-áirítear gach cás;
	(i) figiúirí maidir le gnéithe trasteorann;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(j) de réir mar atá ar fáil, sonraí eile lena n-áirítear costais bhreithiúnacha na n-imeachtaí agus, de réir mar is ábhartha agus is iomchuí, figiúirí ábhartha maidir le cúlraí stairiúla na gcásanna;
	(k) an cineál éilimh a eisítear ar bhonn na Treorach seo, agus i gcás inarb iomchuí, an Moladh ón gCoimisiún lena gcomhlánaítear é.

Leasú 86

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo faoi [5 bliana ón dáta trasuite]. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faoi [6 bliana ón dáta trasuite] ar a dhéanaí. Soláthróidh an tuarascáil seo measúnú ar éabhlóid imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus tionchar na Treorach seo sna Ballstáit. Más gá, beidh tograí le haghaidh leasú na Treorach seo ag gabháil leis an tuarascáil.	Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, go háirithe sonraí atá ar fáil ina léireofar conas a d'úsáid na daoine a dtugtar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí ina n-aghaidh na coimircí dá bhforáiltear sa Treoir seo, faoi [3 bliana ón dáta trasuite]. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faoi [4 bliana ón dáta trasuite] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin ar a dhéanaí. Soláthróidh an tuarascáil seo measúnú ar éabhlóid imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus tionchar na Treorach seo sna Ballstáit agus ar thionchar na Treorach seo sna Ballstáit agus an comhthéacs náisiúnta i ngach Ballstát á chur san áireamh, lena n-áirítear cur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún. Más gá, beidh tograí le haghaidh leasú na Treorach seo ag gabháil leis an tuarascáil. Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí.

Leasú 87

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.	Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [1 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. ***Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.***

Leasú 88

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 21 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Cuirfidh na Ballstáit an treoir seo i bhfeidhm freisin maidir le cásanna atá ar feitheamh os comhair cúirte náisiúnta tráth theacht i bhfeidhm na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo.